CINNTÍ

CINNEADH (CBES) 2023/122 ÓN gCOMHAIRLE

an 17 Eanáir 2023

lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES maidir le Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv *, EULEX KOSOVO

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagail 42(4) agus 43(2) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 4 Feabhra 2008, ghlac an Chomhairle Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES ([1]).

(2) An 3 Meitheamh 2021, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2021/904 ([2]), lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES agus lena gcuirtear síneadh le sainordú Mhisean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX KOSOVO) go dtí an 14 Meitheamh 2023. Leis an gCinneadh sin rinneadh foráil, *inter alia*, gur cheart do EULEX KOSOVO an cúram maidir le tacaíocht oibríochtúil a chur ar fáil don idirphlé arna éascú ag an Aontas a aistriú chuig Oifig an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv faoin 31 Nollaig 2022.

(3) An 17 Deireadh Fómhair 2022, ghlac an Chomhairle Cinneadh (CBES) 2022/1969 ([3]). Leis an gCinneadh sin rinneadh foráil do leithdháileadh acmhainní breise ar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine agus do shaincheisteanna réigiúnacha eile de chuid na mBalcán Thiar, *inter alia*, maidir leis an gcúram tacaíocht oibríochtúil a chur ar fáil don idirphlé arna éascú ag an Aontas.

(4) Ba cheart Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES a leasú dá réir sin.

(5) Cuirfear EULEX KOSOVO i gcrích i gcomhthéacs staid a bhféadfadh meathlú teacht uirthi agus a d'fhéadfadh bac a chur ar bhaint amach chuspóirí ghníomhaíocht sheachtrach an Aontais mar a leagtar amach in Airteagal 21 den Chonradh iad,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

In Airteagal 3 de Ghníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara mír:

"Déanfar an cúram maidir le tacaíocht oibríochtúil a chur ar fáil don Idirphlé arna éascú ag an Aontas a aistriú chuig Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine agus do shaincheisteanna réigiúnacha eile de chuid na mBalcán Thiar faoin 31 Nollaig 2022."

(*) Ní dochar an t-ainmniú seo do sheasaimh maidir le stádas, agus tá sé ag teacht le Rún 1244 (1999) ó Chomhairle Slándála na Náisiún Aontaithe agus le Tuairim CBI maidir le dearbhú neamhspleáchais na Cosaive.

([1]) Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES ón gComhairle an 4 Feabhra 2008 maidir le Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv, EULEX KOSOVO (IO L 42, 16.2.2008, lch. 92).

([2]) Cinneadh (CBES) 2021/904 ón gComhairle an 3 Meitheamh 2021 lena leasaítear Gníomhaíocht Chomhpháirteach 2008/124/CBES maidir le Misean Smachta Reachta an Aontais Eorpaigh sa Chosaiv (EULEX KOSOVO) (IO L 197, 4.6.2021, lch. 114).

([3]) Cinneadh (CBES) 2022/1969 an 17 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh 2020/489 lena gceaptar Ionadaí Speisialta an Aontais Eorpaigh don Idirphlé idir Béalgrád agus Pristine agus do shaincheisteanna réigiúnacha eile de chuid na mBalcán Thiar (IO L 270, 18.10.2022, lch. 92).

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

Beidh feidhm aige ón 17 Deireadh Fómhair 2022.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Eanáir 2023.

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
E. SVANTESSON